

Crosa Caoil

1.0 Comhthéacs agus Carachtar an tSráidbhaile

Tá Crosa Caoil suite in iarthuaisceart Chontae na Mí. Tá sé ar bhóthar réigiúnach R154 Baile Átha Buí go dtí An Seanchaisleán, thart ar 13km taobh ó dheas den Seanchaisleán, agus 12km thaobh thuaidh de Bhaile Átha Buí. Tá se thart ar 9km taobh thiar de Bhaile Cheanannais freisin ar an R163.

D'fheadfadh go bhfuil lonnaíocht i gCrosa Caoil ón gCré-umhaois, arna léiriú leis an dumha fearta i lár an tsráidbhaile. Tá sráidbhaile 19ú haois an lá inniú tar éis forbairt timpeall ar an dumha sin. Is sráidbhaile gleoite é, ag a bhfuil croí soiléir agus mothú láidir áite, a bhaineann leas as foirgnimh tarraingteacha agus crainn fhásta i lár an bhaile agus radhairc údarásacha a cheanglaíonn é leis an gceantar máguaird.

Áit san Orlathas lonnaíochta	Sráidbhaile – Ionad áitiúil d'fhorbairt seirbhísí agus fiontraíochta áitiúla		
Daonra	2011	2016	% Athrú
	180	181	Méadú 0.5% ar dhaonra
Leithdháileadh Teaghlaigh na Croístraitéise	20 aonad		
Aonaid a ghealltar nár tógadh fós	0		
Uimh. an tSoláthair Tithíochta	89		
Saoráidí Oideachais	Níl aon saoráid oideachais laistigh den sráidbhaile. Tá an naíolann / naíscoil agus Scoil Naisiúnta is gaire suite i gCill Séire.		
Saoráidí Pobail	Club Liathróid Láimhe, Comhar Creidmheasa Plus laistigh de theorainn an tsráidbhaile		
Limistéar Comhaontais Ailtireachta	Ceann ar bith		
Déanamhais Chosanta	<p>Tá 8 ndéanamhais chosanta uimh. suite laistigh de theorainn an tsráidbhaile:</p> <p>RPS MH016-103 Comhartha bóthair Chrosa Caoil c.1930</p> <p>RPS MH016-219 Piaráí geata c.1875</p> <p>RPS MH016-220 Caidéal uisce c.1870</p> <p>RPS MH016-221 Teach Chrosa Caoil c.1870</p> <p>RPS MH016-222 Eaglais Naomh Sgíre c.1823</p> <p>RPS MH016-223 Caidéal uisce c.1870</p> <p>RPS MH016-225 Teach an Chnoic c.1830</p> <p>Tá 1 Láithreán, gné agus déantán seandálaíochta uimh. amháin laistigh de theorainn an tsráidbhaile liostaithe mar Shéadchomhartha Taifeadta:</p> <p>ME016-024 Dumha Fearta</p>		
Toilleadh Bonneagair	Ionad Cóireála Fuíolluisce Chrosa Caoil-Toilleadh ar Fáil Soláthar uisce ó Scéim an tSeanchaisleán / Cheanannais-Toilleadh ar Fáil.		
Measúnú Straitéiseach Baol Tuilte	Níl ann dó. Taobh Amuigh de Chriosanna Tuile A agus B a aithnítear. Cuir beartais um Bainistíocht Priacal Tuile i bhfeidhm i gcomhréir le hImleabhar a hAon den PFC.		

Láithreáin Natura 2000	Níl aon láithreán Natura 2000 laistigh den sráidbhaile. Tá Abhainn Bhaile Throimléid, atá suite thart ar 1.1km taobh thiar den sráidbhaile ina craobh-abhainn de chuid Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta / Limistéir faoi Chosaint Speisialta na hAbhann Duibhe.
Crios Acmhainneachta Seandálaíochta	Tá crios Acmhainneachta Seandálaíochta in aice leis an sráidbhaile.

2.0 Fís

Lár tráchtála agus cónaithe an tsráidbhaile a shoiléiriú, a chomhdhlúthú agus a neartú, agus forbairt a spreagadh a chuirfidh feabhas ar charachtar stairiúil agus struchtúr uirbeach croí an tsráidbhaile, a chaomhnóidh agus a fheabhsóidh caighdeán thimpeallacht thógtha agus nádúrtha an tsráidbhaile, agus a fhreastalóidh ar riachtanais gach cuid den phobal áitiúil ag an am céanna le cinntiú go bhforbrófaí an sráidbhaile ar bhealach inbhuanaithe mar áit tharraingteach chun cónaí, chun oibre, chun áineas a dhéanamh agus chun cuairt a thabhairt air. Ní spreagfar ach fás cónaithe nádúrtha/orgánach thar shaolré an Phlean Forbartha i gcomhréir le Croístraitéis an Phlean Forbartha.

3.0 Deiseanna

- Tá acmhainneacht ann maidir le croí an tsráidbhaile a chomhdhlúthú agus a fheabhsú, trí dhéanamhais thréigthe atá ann cheana agus láithreáin inlonta a athchóiriú agus a athúsáid, agus feabhsuithe ríochta poiblí agus tréscailteacht feabhsaithe ó cheantair nua cónaithe go croí an tsráidbhaile a bhaint amach freisin. Dhéanfadh sé sin an t-éileamh ar sheirbhísí a fheabhsú sa sráidbhaile, rud a chruthódh lonnaíocht níos inbhuanaithe.
- Tá deis ann freisin acmhainneacht turasóireachta an tsráidbhaile a fhorbairt freisin, chun cur le forbairt inbhuanaithe an tsráidbhaile.

4.0 Straitéis Talamhúsáide

Chun baint amach na físe do Chrosa Caoil a éascú, moltar straitéis sráidbhaile, a dhéanann forbairt ar dheiseanna laistigh den sráidbhaile. Tá na príomhghnéithe seo a leanas ag an Straitéis-- an lár stairiúil a chomhdhlúthú, forbairt cónaithe atá ann cheana féin a chomhtháthú le faiche an tsráidbhaile, agus tacaíocht a thabhairt d'úsáidí nua cónaithe agus lár an tsráidbhaile a bheadh teoranta le lár an tsráidbhaile agus ceangailte leis. Ina theannta sin, is príomhghné é freisin faiche an tsráidbhaile a shainmhíniú as an nua mar spás féideartha cathartha / pobail agus mar pointe fócasach don sráidbhaile, lena n-áireofaí an ríocht poiblí a fheabhsú agus bealaí do choisithe a fhorbairt laistigh den sráidbhaile agus timpeall air. Tacú le soláthair úsáidí pobail agus áineasa laistigh den sráidbhaile a chuirfeadh le taitneamhacht áineasa agus amhairc an tsráidbhaile.

4.1 Lonnaíocht agus Tithíocht

Sa chroí stairiúil, tá faiche an tsráidbhaile, arna shainiú taobh ó thuaidh ag bloc uirbeach, taobh thoir theas ag an áitreabh ón 18^ú haois agus an cúirtealáiste, agus taobh thiar theas ag cúirtealáiste Naomh Sgíre. Tá an fhoirm uirbeacha stairiúil caomhnaithe den chuid is mó, ach tá dearóiliú agus creimeadh na dteorainneacha ann taobh thiar thuaidh den bhloc uirbeach, áfach, agus drochríocht poiblí ar feadh an R154 taobh thiar de chroí an tsráidbhaile. Loiteann foilmhe agus dearóiliú beocht agus inbhuanaitheacht an tsráidbhaile.

An fhorbairt thionsclaíoch a chlúdaíonn stráice mór talún taobh thiar den sráidbhaile. Agus cé go bhfolaíonn teorainneacha arda agus roinnt déanamhais stairiúla í den chuid is mó, chuirfeadh feabhsaithe timpeallachta, lena n-áireofaí sciathadh tírdhreacha agus feabhsuithe ar theorainn isteach na forbartha, feabhas ar shuíomh agus taitneamhacht amhairc chroí an tsráidbhaile.

Tá forbairtí inlíonta taobh thiar den sráidbhaile tar éis croí an tsráidbhaile a chomhdhlúthú. Tá foirm thógtha fho-uirbeach a bhfuil droch-chaidreamh aici leis an bhfoirm stairiúil, agus nach bhfuil nasctha go maith le croí an tsráidbhaile, ag an bhforbairt cónaithe is déanaí ag *Na Cairn*. Tá naisc do choisithe de dhíth chun an nascacht a mhéadú agus chun gluaiseacht choisithe laistigh den sráidbhaile a spreagadh. Tá sé d'acmhainn ag an Sráidbhaile freastal ar fhorbairt inlíonta amach anseo thar shaolré an Phlean.

4.2 Eacnamaíocht agus Fostaíocht

Aithnítear Crosa Caoil mar lárionad miondíola leibhéal 5 in Ordthas Miondíola an Chontae. Tá réimse beag de sheirbhísí miondíola agus gnó aige, is iad sin go príomha siopa áise áitiúil, Comhar Creidmheasa, salón gruaige agus dhá theach tábhairne. Ar na húsáidí fostaíochta, tá na seirbhísí áitiúla a luadh agus Monarcha Athchúrsála Alúmanaim PJ Carney agus ionad deisithe feithiclí atá suite ag an mbealach isteach don sráidbhaile ó thuaidh.

D'fheadfaí an bloc lárnach uirbeach i gCrosa Caoil a chomhdhlúthú. Ba cheart don fhorbairt snáithe na ceapaí agus cosaint an Dumha Fearta a chur san áireamh. Soláthraíonn láithreán i lár an tsráidbhaile deis d'fhorbairt nua cónaithe le linn thréimhse an phlean, forbairt nach mór a dhearadh le comhtháthú go hiomchuí le carachtar stairiúil an tsráidbhaile.

Ní forbraíodh talamh criosaithe le haghaidh fiontair in aice leis an Monarcha Athchúrsála Alúmanaim a cuireadh ar fáil chun fás an ghnólachta amach anseo a éascú, ach coimeádtar í go fóill chun gur féidir leis an ngnólacht fás amach anseo.

4.3 Bonneagar

Ionad cóireála fuíolluisce Chrosa Caoil taobh thoir theas den sráidbhaile a fhreastalaíonn ar an sráidbhaile agus is féidir leis freastal ar thuilleadh forbartha. Scéim an tSeanchaisleáin / Cheanannais a sholáthraíonn an uisce phoiblí i gCrosa Caoil, agus is féidir léi freastal ar fhorbairt amach anseo freisin.

4.4 Gluaiseacht

Sainíonn gréasán bóithre a nascann an sráidbhaile le lonnaíochtaí mórthimpeall air Crosa Caoil. Tagann na bóithre le chéile chun ceathrú lárnach ina bhfuil lonnaíocht stairiúil Chrosa Caoil lonnaithe a chruthú. Tá limistéar foirgnithe Chrosa Caoil laistigh de limistéar siúil 400m agus thart ar cúig nóiméad ag siúil ó lár an tsráidbhaile. In aineoinn sin, cuirtear isteach ar naisc choisithe leis an sráidbhaile, ó Na Cairn go háirithe, áit a soláthraítear bealaí neamhdhíreacha do choisithe agus áit nach soláthraítear ach droch-chosáin nó nach soláthraítear cosáin ar chor ar bith.

Ní fhreastalaíonn seirbhís iompair phoiblí ar Chrosa Caoil. Tá na naisc iompair phoiblí is gaire don sráidbhaile i gCeanannas, Baile Átha Buí agus an Seanchaisleán, áiteanna a bhfreastalaíonn seirbhís phoiblí bus orthu.

Tarlaíonn gluaiseacht feithiclí go dtí an sráidbhaile agus tríd ar na bealaí. Aithnítear an luas lena ngabhann feithiclí tríd an sráidbhaile ar bhóthar Cheanannais / Choill Fhallúin, d'ainneoin na luasteorainneacha, mar ábhar imní sábháilteachta áitiúil.

Cuirfidh an phlean seo chun cinn córa iompair inbhuanaithe mar shiúl agus rothaíocht, trí sráideanna agus spásanna scagacha agus nasctha a chruthú agus áiseanna do choisithe a fheabhsú. Moltar cosáin a shíneann on sráidbhaile go forbairtí atá ann cheana féin agus forbairtí nua agus cuíchóiriú limistéar páirceála.

4.5 An Oidhreacht Cultúrtha agus Náisiúnta

Baineann Crosa Caoil leas as oidhreacht shaibhir chultúrtha, agus is féidir leis cur leis an oidhreacht sin le feabhsaithe ríochta poiblí agus an fhoirm thógtha atá ann cheana a athúsáid, a oiriúniú agus a infíon, na déanmhais stairiúla laistigh den sráidbhaile a athúsáid agus a oiriúniú, lena n-áirítear Teach an Chnoic, an teach cathrach stairiúil, agus oibreacha caomhantais ar Eaglais Naomh Sgíre agus a tailte.

Meastar gur fiú an radharc údarásach ó aomhal thiar Bhóthar Bhaile Choilín a chaomhnú agus go gcruthaíonn sé mothú áite agus nasc uathúil idir an sráidbhaile agus an tír máguaird.

4.6 Bonneagar Glas

Tá talamh feirme réchnocach agus iarsmaí tírdhreacha fearainn páirce mar dhlúthchuid den tírdhreach thart timpeall ar Chrosa Caoil. Tá sé suite ar chnoc beag a bhaineann leas as radhairc tarraingteacha ar Chnoic Loch Craobh agus an tuath taobh thiar theas. Tá roinnt crainn fhásta tharraingteacha suite timpeall an tsráidbhaile, in éineacht le fála scean náta. Cruthaíonn na tréithe sin bealaí tarraingteacha laistigh den sráidbhaile. Sa phlean seo, moltar na bealaí sin a fheabhsú le feabhsuithe ar an ríocht phoiblí agus bonneagar glas atá ann cheana féin a chomhtháthú ag an am céanna.

4.7 Bonneagar Sóisialta

Tá Cúirt Liathróid Láimhe agus Oifig an Phoist áitiúil sa sráidbhaile. Tá BMC United FC suite lasmuigh de theorainn an tsráidbhaile i mBaile Thomáis. Níl leibhéal na saoráidí cathartha agus pobail atá ann cheana féin leordhóthanach chun freastal ar riachtanais an tsráidbhaile, ag féachaint don daonra atá ann i láthair na huaire.

D'fhéadfaí feabhas suntasach a chur ar an soláthar pobail laistigh den sráidbhaile agus an chúirt liathróid láimhe a fheabhsú le scáthphlandáil, amhail *Athair Virginia*, nó forigneamh nua pobail a chur ina áit, agus an páirc poiblí a fheabhsú. Tá sé d'acmhainn ag athfhorbairt agus athúsáid Eaglais Naomh Sgíre cur le soláthar úsáide pobail agus cathartha sa sráidbhaile.

4.8 Dearadh Uirbeach agus Ríocht Phoiblí

Tá croílár an tsráidbhaile sainithe ag an bhfaiche thriantánach ar a dtugtar an 'diamant', agus sráideanna ceangail leis an mbóthar réigiúnach ó thuaidh agus an bóthar áitiúil ó dheas go Cill Séire. Tá na bealaí isteach go dtí an sráidbhaile sainithe go maith leis na crainn fhásta, na teorainneacha tarraingteacha, an topagrafaíocht ardaitheach nuair a thagtar ar an sráidbhaile ón tuaisceart agus ón deisceart, agus na déanmhais ón 19^ú haois atá ina sainchomharthaí a chuireann in iúl go bhfuiltear ag teacht go croí an tsráidbhaile, lena n-áirítear an dá theach ón 19^ú haois, Eaglais Naomh Sgíre, atá tréigthe anois, agus na tailte a ghabhann léi. Agus an dá cheann acu ina ndéanmhais shuntasacha, cuireann siad le charachtar an tsráidbhaile agus loiteann siad é. Tá an chúirt liathróid láimhe suite i suíomh feiceálach. Níl cuma mhaith ar an bhforigneamh agus teastaíonn deisiú nó athsholáthar le scáthphlandáil, amhail planda reatha balla a d'fhéadfadh cabhrú le taitneamhacht amhairc de chuid

an fhoirgnimh a fheabhsú, uaidh. Tá an-acmhainneacht ag Eaglais Naomh Sgíre agus na tailte a ghabhann léi freisin agus chuirfeadh athchoiriú agus úsáid inbhuanaithe an láithreáin sin go mór le ríocht poiblí an tsráidbhaile.

Bhainfeadh an sráidbhaile leas as feabhsuithe ríochta poiblí laistigh de chroí an tsráidbhaile, lena n-áireofaí an bloc uirbeach a chomhdhlúthú, na teorainneacha taobh thiar den bhloc, ag PJ Kearney agus ag Teach an Chnoic, a fheabhsú, agus soláthair cosán feabhsaithe do choisithe, soilse poiblí agus tírdhreachaithe, timpeall an bloic uirbigh ar fad, chun leanúnachas amhairc agus coisithe a chruthú laistigh den chroí. Bhainfeadh an sráidbhaile leas freisin as faiche an tsráidbhaile a fheabhsú chun spás atá níos oiriúnaí do choisithe a chruthú, limistéir choisithe agus páirceála a cuíchóiriú, agus spás de bhailchríoch ardchaighdeán a chruthú do chónaitheoirí agus do chuariteoirí. D'fheabhsódh uasghrádú na cúirte liathróid láimhe suíomh an tsráidbhaile, agus chuirfeadh sé le soláthar na saoráidí pobail sa sráidbhaile.

5.0 Cuspóirí Forbartha do Bhailte/Shráidbhaile

Tá na Beartais agus na Cuspóirí a leagtar amach thíos de bhreis ar na cinn siúd a shonraítear sa Ráiteas Scríofa in Imleabhar a hAon den Phlean Forbartha Contae. Chun an t-athrá a sheachaint, ní athluaitear Beartais agus Cuspóirí ach amháin má tá ábharthacht ar leith ag baint leo maidir leis an lonnaíocht. Ba cheart na Beartais agus na Cuspóirí seo a léamh mar sin in éineacht leis na Beartais agus na Cuspóirí agus na Caighdeáin Forbartha in Imleabhar a hAon den Phlean Forbartha Contae.

Beartais

Is é beartais na Comhairle:

BEA CRCA 1	Lár tráchtála agus cónaithe chroí shráidbhaile Chrosa Caoil a shoiléiriú, a chomhdhlúthú agus a neartú, agus forbairt a spreagadh a chuirfidh feabhas ar charachtar stairiúil agus struchtúr uirbeach chroí an tsráidbhaile, a chaomhnóidh agus a fheabhsóidh caighdeán thimpeallacht thógtha agus nádúrtha an tsráidbhaile, agus a fhreastalóidh ar riachtanais gach cuid den phobal áitiúil ag an am céanna le cinntiú go bhforbrófar an sráidbhaile ar bhealach inbhuanaithe mar áit tharraingteach chun cónaí, chun oibre, chun áineas a dhéanamh agus chun cuairt a thabhairt air.
------------	---

Cuspóirí

Is é cuspóir de chuid na Comhairle é:

Lonnaíocht agus Tithíocht

CUS CRCA 1	Cur i bhfeidhm Croístraitéis Phlean Forbartha an Chontae a chinntiú, sa mhéid is indéanta, trína chinntiú nach sárófaí an leithdháileadh teaghlaigh do Chrosa Caoil mar a leagtar amach é i dTábla 2.11 den Chroístraitéis.
CUS CRCA 2	Tacú le forbairt cónaithe ar thailte tearcúsáide agus/nó tailte folmha, lena n-áireofaí láithreáin 'inlíonta' agus láithreáin 'athfhorbraíochta', agus í a spreagadh, faoi réir ardchaighdeán dearaidh agus leagan amach a bheith bainte amach.

CUS CRCA 3	Athchóiriú na n-áitreabh tréigthe atá ann cheana féin i gcroí an tsráidbhaile agus sa Cúinne Cluthar a spreagadh.
CUS CRCA 4	Forbairt inlíonta a spreagadh i gcroí an tsráidbhaile. Ní mór go léireodh forbairt nua meas ar scála, mórdhlúthú agus carachtar an tsráidbhaile stairiúil.
CUS CRCA 5	Athúsáid oiriúnach Theach an Chnoic taobh thoir theas den sráidbhaile a spreagadh le haghaidh úsáid pobail/taitneamhachta, ag cinntiú go gcaomhnófaí carachtar an déanamhais.

Eacnamaíocht agus Fostaíocht

CUS CRCA 6	Forbairt acmhainneacht turasóireachta an tsráidbhaile a spreagadh, chun nascadh le bailte, sráidbhailte agus saoráidí turasóireachta eile sa cheantar.
CUS CRCA 7	Tacú le seirbhísí úsáide measctha a bhainfí le forbairt nua cónaithe, a fhorbairt i gcroí an tsráidbhaile.

Bonneagar

CUS CRCA 8	Teagmháil a dhéanamh le hUisce Éireann agus tacú leo maidir le seirbhísí leordhóthanacha uisce a sholáthar chun freastal ar riachtanais forbartha an tsráidbhaile le linn thréimhse an Phlean.
------------	--

Gluaiseacht

CUS CRCA 9	Nascachtaí coisithe idir forbairt cónaithe na gCarn go faiche an tsráidbhaile a fheabhsú trí bhealaí d'fheithiclí agus do choisithe a sholáthar trí na tailte taobh le Teach an Chnoic.
CUS CRCA 10	Fheabhsuithe ríochta poiblí a sholáthar, lena n-áireofaí moilliú tráchta agus tosaíocht coisithe ag faiche an tsráidbhaile.

An Oidhreacht Cultúrtha agus Náisiúnta

CUS CRCA 11	Foinsí ionchasach maoinithe a aithint d'oibreacha caomhantais ag Eaglais Naomh Sgíre agus na tailte a ghabhann léi i gcomhar leis an bpobal áitiúil.
CUS CRCA 12	Carachtar speisialta agus suíomh Eaglais Naomh Sgíre, na foirgnimh a bhaineann léi agus na tailte a ghabhann léi a fheabhsú agus a chosaint.
CUS CRCA 13	Soláthar bealaí leanúnacha do choisithe a mbíonn na radhairc tharraingteacha, crainn fhásta agus fála seach ar feadh Bhóthar Cheanannais, agus bealaí isteach go dtí an sráidbhaile mar chuid díobh, a éascú.
CUS CRCA 14	Na radhairc a aithnítear ar an léarscáil críosaithe talamhúsáide, lena n-áireofaí an radharc údarásach ó hacomhal thiar Bhóthar Bhaile Choilín, a chaomhnú.

Sóisialta

CUS CRCA 15	Athchóiriú an chlub liathróid láimhe a chur chun cinn chun foráil a dhéanamh d'fhorbairt saoráide pobail ilfheidhme.
-------------	--

CUS CRCA 16	Forbairt páirce poiblí tarraingtí a mbeadh radharc uirthi ar thailte taobh leis an gclub liathróid láimhe a chur chun cinn chun críocha áineasa éighníomhaigh agus ghníomhaigh.
CUS CRCA 17	Na háiseanna spáis oscailte ag an diamant a chosaint agus a fheabhsú le feabhsuithe ríochta poiblí.
CUS CRCA 18	Feabhsú áiseanna spáis oscailte a chur chun cinn, lena n-aireofaí in eastát tithíochta na gCairn mionathruithe ar an gcóireáil teorainneacha chun an nasc amhairc leis an tuath taobh leis a fheabhsú.

Dearadh Uirbeach agus Ríocht Phoiblí

CUS CRCA 19	Foráil a dhéanamh maidir le forbairt inlfonta i gcroí an tsráidbhaile a dhéanfadh foráil maidir le líne leanúnach foirgnimh agus éadanas sráide gníomhach, agus ag a léireodh meas do scála déanmhas atá ann cheana féin.
CUS CRCA 20	Foráil a dhéanamh maidir le forbairt cónaithe taobh thiar d'iar-Stáisiún na nGardaí, a rachadh i ngleic ar bhealach iomchuí le topagrafaíocht an láithreáin, a dhéanfadh foráil maidir le héadanas gníomhach ar feadh bhóthar Cheanannais, a sholáthródh mothú láidir imfhalaíthe don láithreán, agus a bhunódh mínshnáithe uirbeach. Ba cheart go mbeadh forbairt nua ailínithe le hiar-Stáisiún na nGardaí chun crainn fhásta taobh leis an láithreán a chosaint.
CUS CRCA 21	Soláthair spáis uirbigh tírdhreachaithe chun tosaigh ar fhorbairt nua thaobh thiar d'iar-Stáisiún na nGardaí a chur chun cinn.
CUS CRCA 22	Feabhsú na ríochta poiblí i gcroí an tsráidbhaile, ar feadh an bhóthair atá ann cheana féin, taobh thiar, taobh ó thuaidh agus taobh thoir d'fhaiche an tsráidbhaile, a chur chun cinn,.
CUS CRCA 23	Feabhsú na teorann atá ann cheana féin thart timpeall ar an Monarcha Athchúrsála Alúmanaim a chur chun cinn.
CUS CRCA 24	Feabhsú na cúirte liathróid láimhe atá ann cheana féin, le scáthphlandáil, a chur chun cinn.
CUS CRCA 25	A chinntiú go léireodh gach forbairt nua meas ar scála, foirm agus carachtar an tsráidbhaile.